ZA 5798

Flash Eurobarometer 367
(Attitudes of Europeans towards building the single market for green products)

Country Questionnaire
Ireland (Irish Gaelic)

Building the Single Market for Green Products - IEI

D1	Cén aois thú?

(SCRÍOBH SÍOS - I gCÁS "DIÚLTÚ" CÓD '99')

D2	Inscne

Fireannach	1
Baineannach	2

CUIR I nGACH CÁS

Q1	Go ginearálta, cé mhéid atá ar eolas agat maidir leis an tionchar atá ag na táirgí a cheannaíonn agus a úsáideann tú ar an gcomhshaol?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Tá a lán ar eolas agat	1
Tá na cineálacha tionchair is suntasaí ar eolas agat	2
Tá beagáinín ar eolas agat faoi sin	3
Níl dada ar eolas agat	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

FL256 Q1 TREND MODIFIED

CLÁR: ROTHLAIGH MÍR 1 GO MÍR 4

Q2	Agus cinneadh á dhéanamh agat maidir le cé acu táirge a cheannóidh tú, an déarfá gur nithe tábhachtacha iad na nithe seo a leanas nó nach ea?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

		An-tábhachtach	Tábhachtach go leor	Ní ró-thábhachtach	Gan tábhacht ar bith	Ní fhios/Níl bainteach
1	Tionchar an táirge ar an gcomhshaol	1	2	3	4	5
2	Praghas an táirge	1	2	3	4	5
3	Cáilíocht an táirge	1	2	3	4	5
4	An branda, ainm branda an táirge	1	2	3	4	5

FL256 Q2 TREND MODIFIED

AGALLÓIR, LÉIGH AMACH OS ARD MURA dTUIGEANN AN FREAGRÓIR AN TÉARMA "NEAMHDHÍOBHÁLACH DON CHOMHSHAOL" in Q3: Is táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol iad táirgí a bhfuil níos lú drochthionchar acu ar an gcomhshaol le linn na táirgeachta, na húsáide agus na diúscairte, i gcomparáid le táirgí eile (táirgí a bhfuil an fheidhmiúlacht chéanna acu, a fhreastalaíonn ar an riachtanas céanna, etc.)

Q3	Seo roinnt ráiteas maidir le táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. As na ráitis seo a leanas, cé acu ceann díobh is mó a fhreagraíonn do d'iompraíocht i leith na dtáirgí seo go ginearálta?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Is minic a cheannaíonn tú táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol	1
Uaireanta, ceannaíonn tú táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol	2
Ní cheannaíonn tú táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ach tá rún daingean agat é sin a dhéanamh sa todhchaí	3
Ní cheannaíonn tú táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ach b'fhéidir go ndéanfaidh tú é sin sa todhchaí	4
Cheannaíteá táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol roimhe seo ach stop tú	5
Níl aon táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ceannaithe agat agus níl sé i gceist agat é sin a dhéanamh	6
Ní heol duit cad iad táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	7
Ní fhios/Níl bainteach	8

NEW

CUIR Q4. 1-8 AGUS Q5 I gCÁS Q3=1-6

CLÁR: ROTHLAIGH MÍREANNA 1-9 Q4.9: CUIR I gGACH CÁS

Q4	Seo a leanas roinnt ráiteas maidir leis an gcomhshaol agus le táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. I leith gach ceann de na ráiteas seo, ar mhiste leat a rá má aontaíonn nó mura n-aontaíonn tú leis.

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

		Aontaím go láidir	Claonadh orm aontú	Claonadh orm easaontú	Easaontaím go láidir	Ní fhios/Níl bainteach
1	Le táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, faightear luach ar do chuid airgid	1	2	3	4	5
2	Tá táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol chomh héifeachtach le gnáththáirgí	1	2	3	4	5
3	Braitheann tú gur 'ceart' táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid	1	2	3	4	5
4	Tá táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol ar fáil go héasca sna siopaí	1	2	3	4	5

5	Nuair a cheannaítear táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, tugtar dea-shampla do dhaoine eile	1	2	3	4	5
6	Is féidir cur go mór le cosaint an chomhshaoil trí tháirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a cheannach	1	2	3	4	5
7	Beidh do theaghlach nó do chairde ag ceapadh gur maith an rud é táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid	1	2	3	4	5
8	Is éasca táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a idirdhealú ó tháirgí eile	1	2	3	4	5
9	Measann tú go ndéantar áibhéil i leith ceisteanna a bhaineann leis an gcomhshaol	1	2	3	4	5

NEW

Q5 Agus táirge á cheannach agat a bhfuil lipéad nó tásc eile air a léiríonn gur táirge é atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, cé chomh muiníneach is a bhíonn tú go mbeidh sé ina chúis le níos lú damáiste don chomhshaol ná táirgí eile?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Lán-mhuiníneach	1
Muiníneach go leor	2
Níl tú ró-mhuiníneach	3
Níl tú muiníneach in aon chor	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

CUIR I nGACH CÁS

Q6 Cé mhéid airgid breise, más aon airgead ar bith, a bheifeá sásta a íoc ar tháirgí dá mbeifeá sásta gur táirgí iad atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Ní bheifeá sásta dada a íoc sa bhreis	1
Bheifeá sásta 5% a íoc sa bhreis	2
Bheifeá sásta 6% go dtí 10% a íoc sa bhreis	3
Bheifeá sásta 11% go dtí 20% a íoc sa bhreis	4
Bheifeá sásta níos mó ná 20% a íoc sa bhreis	5
Ní fhios/Níl bainteach	6

NEW

CLÁR: ROTHLAIGH NA CÓID FREAGRAÍ 1 GO 8, IS CÓID SINGIL IAD 10 & 11

Q7	An ndearna tú aon cheann de na bearta seo a leanas le linn na míosa seo caite ar chúiseanna a bhaineann leis an gcomhshaol?

(LÉIGH AMACH OS ARD - IS FÉIDIR NÍOS MÓ NÁ FREAGRA AMHÁIN A THABHAIRT)

Modh iompair níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a roghnú (ar cos, ar an rothar, ar mhodh iompair phoiblí)	1,
Tomhaltas earraí aon uaire a laghdú (málaí plaisteacha, cineálacha áirithe pacáistithe, etc.)	2,
Rinne tú an chuid is mó de do chuid dramhaíola a scaradh i gcomhair athchúrsála	3,
Do thomhaltas uisce a laghdú (mar shampla, an t-uisce a mhúchadh agus tú ag ní na gréithe, nó ag glacadh cithfholcadh)	4,
Do thomhaltas fuinnimh a laghdú (mar shampla, aerchóiriú nó téamh a mhaolú, gan fearais a fhágáil ar fuireachais, bolgáin solais spárála fuinnimh a cheannach, fearais atá tíosach ar fhuinneamh a cheannach)	5,
Táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol atá marcáilte le lipéad comhshaol a cheannach	6,
Táirgí nó earraí grósaera a tháirgtear go háitiúil a roghnú	7,
Níos lú úsáide a bhaint as do charr nó modh eile taistil a chur ina ionad	8,
Eile (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	9,
Dada (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	10,
Ní fhios/Níl bainteach	11,

EB75.2 QB12 TREND MODIFIED

CLÁR: ROTHLAIGH NA CÓID FREAGRAÍ 1 GO 7, IS CÓID SINGIL IAD 9&10

Q8	I do thuairimse, cé acu ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas is mó a chuirfeadh leis na fadhbanna comhshaoil in Éirinn a réiteach?

(LÉIGH AMACH OS ARD - 3 FHREAGRA AR A MHÉID)

Táirgí a cheannach atá táirgthe ag táirgeoirí éiceabhácha	1,
Fearais tí a bhfuil ídiú íseal fuinnimh ag baint leo a cheannach	2,
Iarrachtaí a dhéanamh chun níos lú uisce a úsáid	3,
Athchúrsáil a dhéanamh agus dramhaíl a íoslaghdú	4,
Níos lú taistil a dhéanamh agus glacadh le modhanna inbhuanaithe iompair	5,
Táirgí áitiúla feirmeoireachta a cheannach	6,
Tithe/árasáin a insliú	7,
Eile (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	8,
Dada (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	9,
Ní fhios/Níl bainteach	10,

FL256 Q8 TREND MODIFIED

Q9	Meas tú gur féidir laghdú cánach ar amhábhair agus táirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a bheith mar chuid den iarracht chun ár dtionchar ar an gcomhshaol in Éirinn a laghdú?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Measaim, go mór	1
Measaim, go pointe áirithe	2
Ní mheasaim, i ndáiríre	3
Ní mheasaim, in aon chor	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

Q10	Maidir leis na lipéid táirgí atá in úsáid faoi láthair in Éirinn, meas tú go dtugtar go leor faisnéise maidir le tionchar na dtáirgí ar an gcomhshaol?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Measaim, agus is faisnéis shoiléir í i gcás na dtáirgí uile	1
Measaim, ach i gcás táirgí áirithe, bíonn faisnéis mhíshoiléir ann	2
Ní mheasaim, níl na lipéid atá ann faoi láthair soiléir	3
Ní mheasaim, níorbh eol dom gurbh ann do lipéid den sórt sin	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

CLÁR: ROTHLAIGH MÍREANNA 1-6, IS CÓD SINGIL É CÓD 8 "Ní fhois/Níl bainteach"

Q11	Cá háit ar mhian leat faisnéis comhshaoil maidir le táirge a aimsiú?

(LÉIGH AMACH OS ARD - IS FÉIDIR NÍOS MÓ NÁ FREAGRA AMHÁIN A THABHAIRT)

Ar an tseilf ar a chuirtear an táirge	1,
I bhfógraí maidir leis an táirge ar an teilifís/raidió/páipéir nuachta	2,
Ar an Idirlíon	3,
Ar bhileog eolais sa siopa	4,
Ar bharrachód ar féidir é a scanáil le fón cliste nó le gléas a chuirtear ar fáil sa siopa	5,
Ar lipéad ar an táirge féin	6,
Eile (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	7,
Ní fhios/Níl bainteach	8,

NEW

Q12	Le dhá mhí dhéag anuas, an bhfuil ráitis áibhéalacha nó míthreoracha feicthe agat maidir le dea-éifeachtaí táirgí ar an gcomhshaol?

Tá	1

Níl	2
Ní fhios/Níl bainteach	3

FL332 Q7.6 TREND MODIFIED

Q13	Go ginearálta, cé chomh muiníneach is atá tú as na maímh a dhéanann táirgeoirí i leith feidhmiúlachta comhshaoil a dtáirgí féin?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Lán-mhuiníneach	1
Bíonn muinín agam astu de ghnáth	2
Ní bhíonn muinín agam astu de ghnáth	3
Níl aon mhuinín agam astu	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

FL256 Q10 TREND MODIFIED

Q14	Go ginearálta, cé chomh muiníneach is atá tú as na tuairiscí a dhéanann cuideachtaí ar a bhfeidhmiúlacht chomhshaoil féin?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Lán-mhuiníneach	1
Bíonn muinín agam astu de ghnáth	2
Ní bhíonn muinín agam astu de ghnáth	3
Níl aon mhuinín agam astu	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW BASED ON FL256 Q11 TREND MODIFIED

Q15	Meas tú gur cheart dualgas a bheith ar chuideachtaí tuairiscí a fhoilsiú maidir lena bhfeidhmiúlacht fhoriomlán chomhshaoil agus le feidhmiúlacht chomhshaoil a dtáirgí?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Measaim, i gcás cuideachtaí agus táirgí araon	1
Measaim, ach i gcás cuideachtaí amháin	2
Measaim, ach i gcás a gcuid táirgí amháin	3
Ní mheasaim, ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn saorálach	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

Q16	Meas tú go bhfuil sé sábháilte earraí bia a ithe tar éis an dáta "b'fhearr roimh" a shonraítear ar an lipéad?

Measaim	1
Ní mheasaim	2
Ní fhios/Níl bainteach	3

NEW

Q17	Cé mhéid uair sa tseachtain a itheann tú feoil (mairteoil, muiceoil, éineoil etc.)?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Níos lú ná uair amháin sa tseachtain	1
Uair sa tseachtain	2
Dhá uair nó trí huaire sa tseachtain	3
Ceithre nó cúig huaire sa tseachtain	4
Níos mó na cúig huaire sa tseachtain	5
Riamh	6
Ní fhios/Níl bainteach	7

EB64.4 QD2 TREND MODIFIED

CUIR Q18 I CÁS 17=1-5

AGALLÓIR, LÉIGH AMACH: Deir daoine áirithe go bhfuil drochthionchar ar an gcomhshaol ag aon táirgeadh feola ar mhórscála.

Q18	Ar chúiseanna comhshaoil, an mbeifeá sásta...?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

		Bheadh	Ní bheadh	Níl bainteach (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	Ní fhios/Níl bainteach
1	Glasraí a chur in ionad an chuid is mó den fheoil a itheann tú	1	2	3	4
2	Níos lú feola a ithe, ach feoil a bhfuil deimhniú bunáite ag gabháil léi a ithe	1	2	3	4
3	Éineoil nó iasc a chur in ionad mairteola nó muiceola	1	2	3	4

NEW

CUIR I nGACH CÁS

AGALLÓIR, LÉIGH AMACH: Ní mór a lán ábhar, fuinnimh, uisce agus talún a úsáid chun árasáin agus tithe a thógáil agus tá drochthionchar aige sin ar an gcomhshaol. Tá bealaí ann chun foirgnimh a thógáil ionas go laghdófar an tionchar sin.

Q19	Abair gurb éasca é tionchar tógála foirgneamh a dhearbhú. Dá mbeadh teach nó árasán á cheannach agat, cé chomh tábhachtach a bheadh an fhaisnéis sin agus an cinneadh á dhéanamh agat?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

An-tábhachtach	1
Tábhachtach go leor	2
Ní ró-thábhachtach	3

Gan tábhacht ar bith	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

Q20	Go ginearálta, cé chomh heolach is a bhraitheann tú maidir le tréimhse saoil na dtáirgí a cheannaíonn tú?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

An-eolach	1
Réasúnta eolach	2
Measartha aineolach	3
Neamheolach amach is amach	4
Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

Q21	Meas tú gur cheart tréimhse saoil na dtáirgí atá ar fáil ar an margadh a léiriú?

Measaim	1
Ní mheasaim	2
Ní fhios/Níl bainteach	3

NEW

AGALLÓIR, LÉIGH AMACH: De réir reachtaíocht reatha an AE, ní mór tréimhse iontaofachta dhá bhliain a bheith ag baint le gach táirge. Ciallaíonn sé sin gur i gcás ina mbriseann an táirge laistigh den dá bhliain ón uair a cheannaítear é, tá sé de cheart agat deisiú nó táirge in ionad a fháil saor in aisce; níl aon ráthaíocht bhreise thráchtála le ceannach agat.

Q22	Cé mhéid airgid breise, más aon airgead ar bith, a mbeifeá sásta a íoc ar tháirge dá ndéanfaí a ráthaíocht iontaofachta a shíneadh go 5 bliana?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Ní bheifeá sásta dada a íoc sa bhreis	1
Bheifeá sásta 5% a íoc sa bhreis	2
Bheifeá sásta 6% go dtí 10% a íoc sa bhreis	3
Bheifeá sásta 11% go dtí 20% a íoc sa bhreis	4
Bheifeá sásta níos mó ná 20% a íoc sa bhreis	5
Ní fhios/Níl bainteach	6

NEW

Q23	Le dhá mhí dhéag anuas, ar chinn tú gan deisiú a fháil ar tháirge lochtach de bharr costais ró-airde deisiúcháin.

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Chinn, i gcás táirge amháin	1
Chinn, i gcás dhá tháirge	2

	Chinn, i gcás níos mó ná dhá tháirge	3
	Níor chinn	4
	Ní fhios/Níl bainteach	5

NEW

D4 Cén aois a bhí tú nuair a d'fhág tú oideachas lánaimseartha?

(INT.: I gCÁS "FÓS AG STAIDÉAR", CÓD '00' - I gCÁS "NÍ BHFUAIR MÉ AON OIDEACHAS" CÓD '01' - I gCÁS "DIÚLTÚ" CÓD '98' - I gCÁS "NÍ FHIOS" CÓD '99')

D5a Maidir leis an ról atá agat faoi láthair, an ndéarfá go bhfuil tú féinfhostaithe, gur fostaí tú, gur oibrí láimhe tú nó a ndéarfá go bhfuil tú gan gníomhaíocht ghairmiúil?

(FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Féinfhostaithe	1
Fostaí	2
Oibrí láimhe	3
Gan gníomhaíocht ghairmiúil	4
Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	5

CUIR D5b MÁS DUINE FÉINFHOSTAITHE É AN FREAGRÓIR, CÓD 1 IN D5a

D5b As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Feirmeoir, foraoiseoir, iascaire	1
Úinéir siopa, ceardaí	2
Duine gairmiúil (dlíodóir, liachleachtóir, cuntasóir, ailtire...)	3
Bainisteoir comhlachta	4
Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	5

CUIR D5c MÁS FOSTAÍ É AN FREAGRÓIR, CÓD 2 IN D5a

D5c As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

Duine gairme (dlíodóir, liachleachtóir, cuntasóir, ailtire fostaithe...)	1
Bainsitíocht ghinearálta, stiúrthóir, ardbhainistíocht	2
Meánbhainistíocht	3
Státseirbhíseach	4
Cléireach oifige	5
Fostaí eile (díoltóir, altra...)	6
Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	7

CUIR D5d MÁS OIBRÍ LÁIMHE É AN FREAGRÓIR, CÓD 3 IN D5a

D5d As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

	Maoirseoir\ saoiste (bainisteoir foirne,..)	1
	Oibrí láimhe	2
	Oibrí láimhe neamhoilte	3
	Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	4

CUIR D5e MÁS DUINE GAN GNÍOMHAÍOCHT GHAIRMIÚIL É AN FREAGRÓIR, CÓD 4 IN

D5e As na cineálacha gairmeacha seo a leanas, cé acu an cur síos is fearr ort féin...?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

	Ag obair sa bhaile	1
	Mac léinn (lánaimseartha)	2
	Duine ar scor	3
	Ag lorg poist	4
	Eile\ Diúltú (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	5

D12 Cén contae ina bhfuil cónaí ort?

(LÉIGH AMACH OS ARD MÁS GÁ - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL)

D13 An déarfá go bhfuil cónaí ort i...?

(LÉIGH AMACH OS ARD - FREAGRA AMHÁIN AG TEASTÁIL

	gCeantar tuaithe nó sráidbháile	1
	mBaile beag nó meánmhéide	2
	mBaile mór	3
	Ní fhios (NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)	4

D18 An bhfuil fón póca agat?

(NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)

	Tá	1
	Níl	2

D20 An bhfuil guthan líne talún?

(NÁ LÉIGH AMACH OS ARD)

	Tá	1
	Níl	2

D22 Ar mhiste leat a insint dom cé mhéad duine atá cúig bliana déag d'aois nó níos mó a bhfuil cónaí orthu i do theachsa, tú féin san áireamh?

SCRÍOBH SÍOS - I gCÁS "NÍ FHIOS" CÓD '98' - I gCÁS DIÚLTÚ CÓD '99')

		Líon na ndaoine atá cúig bliana déag d'aois nó níos mó sa teaghlach